

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Comórtas Eitilte

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr agus/nó taifead de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an gCéadaoin 22 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## Déan d'eitleán féin!


- Cruthaigh Eitleán as páipéar.
- Cuir ainm ar d'eitleán.
- Maisigh d'eitleán - Is féidir greamáin a úsáid nó dathaigh é le péint nó pinn dhaite srl.
- Tóg pictiúr de agus/nó déan taifead de agus é ag eitilt más féidir.
- Is féidir níos mó ná eitleán amháin a dhéanamh – bíodh rása idir an teaghlach uile – déan taifead ar an rása agus seol chugainn é.

## Treoracha le eitleán a dhéanamh agus sampla léaráide:

1. Lúb an leathanach ina dhá leath. Iompaigh an leathanach béal faoi go mbeidh 'cnocán' agat.
2. Lúb síos an dá choirnéal ag an mbarr (1/4 cuid den bhealach) go mbuailfidh siad le chéile ag an líne i lár an leathanaigh.
3. Lúb an dá choirnéal taobh amuigh isteach go lár an leathanaigh arís.
4. Déan dhá leath den leathanach go mbeidh na coirnéil atá lúbtha taobh amuigh.
5. Lúb síos na sciatháin, ceann ar cheann, thart ar orlach nó 2.5 cm ó íochtar an eitleáin.
6. Is féidir stápla a chur ar thosach agus ar chúl an eitleáin chun é a choinneáil le chéile nó úsáid fáiscín páipéir chun an dá pháosa íochtair a choinneáil le chéile.
7. Caith an t-eitleán san aer ó d'ucht amach go deas réidh! Eitlíonn siad níos fearr taobh amuigh ach beagán gaoithe a bheith ann.

Níl sa mhúnla seo ach sampla amháin, is féidir leatsa do rogha múnla a úsáid

'TIOCFAIMID  
SLÁN'



Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:


Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta